An Sagart sa Ċeó

Seán Ó Criomṫain

Blianta móra fada ó ṡoin nuair ná raiḃ aon naṁóg ar an mBlascaod Mór, aċ báid ṁóra nár ḃ'féidir boga ná sáṫaḋ a ḃaint asta gan oċtar fear a ḃeiṫ mar ḟoireann ionta, nuair a ḃíoḋ duine tinn nó breóite, agus sagart nó doċtúir ag teastáil, ċaiṫfeaḋ an h-oċtar fear so, teaċt le ċéile, an bád a ċur i ḃfearas agus dul fé ḃráid an tsagairt nó an doċtúra. Ḃí breis agus trí ṁíle do ḃealaċ farraige acu le cur dóiḃ, go dtí an mór-tír agus dul do ṡiuḃal a gcos mar a mbíoḋ an doċtúir nó an sagart le fáil aca. Ní raiḃ guṫán ar gaċ cúinne an trá úd, ná ní luġ a ḃí na gluaisteáin ná roṫair. Is minic a ḋeineaḋ duine muinntearḋa dos na h-Oileánaiġ a ḃíoḋ ag maireaċtaint i nDún Caoin, a ċapall a ṫarraċ amaċ, dialait a ḃualaḋ air agus preaba na ḋrom, agus pé duine a ḃíoḋ ag teastáil a ḃaint amaċ agus an scéal a insint dó. Is minic ná bíoḋ an té a ḃíoḋ ag teastáil le fáil, agus go mbíoḋ smut maiṫ den lá meilte sula dtagaḋ sé go dtí Calaḋ na mBád.

Lá áiriṫe ḃuail seanduine boċt breóite. Ḃí sé aosta agus ó'n galar a ḃí buailte é, ní raiḃ aon teaċt as an ngalar aige. Ba ċuma leis mar ġeall ar an mbás á ardaċ an bóṫar leis, mar is maiṫ a ḃí a ḟios aige dá ḟaid a raġaḋ sé go b'é an bás a ḃí inan dó lá breá éigin. An sagart a ḃí ag déanaṁ buarṫa dó, agus dá mbeaḋ so aige, ḃí a ċóta bán déanta, dar leis. Sin mar a ḃíonn aige gaċ duine aosta é, agus ḃí mo ṡeanduine boċt ag cásaḋ an tsagairt gaċ lá ó ḃuail an taom é. Ní raiḃ éinne leis féin beo. Ḃí sé in aonar, agus ċaiṫ sé a ḃeiṫ ar ċoimirc na gcomarsan agus a' braṫ ar ċaḃair Dé.

Ní raiḃ na hOileánaiġ 'riaṁ mall in am an ġátair, agus go mór ṁór le linn do ḋuine a ḃeiṫ ag lorg an tsagairt. Ċuaiġ an scéal ar fud an ḃaile go raiḃ Páid ag lorg an tsagairt, agus go raiḃ sé ar ṡéalaiḃ báis. Ṫáinig na h-Oileánnaiġ go léir le ċéile, síos leis an mbád mór, ⁊ má cuireaḋ, ní raiḃ ceal foirne, ná easnaṁ fear uirṫi.

Ḃí an uair go h-aoiḃinn i Meiṫeaṁ an tsaṁraiḋ agus 'um na réiteaḋ leaṫ bealaiġ an oileáin a ċur duit, má ṫiṫfeaḋ ceo. Ḃain an bád amaċ Dún Caoin. Ċuaiġ teaċtaire ag triall ar an sagart. Ḃí sé istiġ rompa, agus nuair a ċuala sé go raiḃ Páid boċt dá lorg ċun na h-ola a ċuir air i gcomair an ḃóṫair fada, dúirt an sagart leo a ḃeiṫ ar an mbóṫar siar roimis, agus go dtiuḃarfaḋ sé marcaíoċt siar dóiḃ. D'imiġ an ḃeirt ḟear leo, agus nuair a ṫáinig siad i leiṫ tiġ an taḃairne, isteaċ leo, agus "dá ṗiúnt de ġeit," arsa duine acu. Líonaḋ suas go tapaí iad, agus ní gáḋ méur a ṫaḃairt dóiḃ ar nós na ngaṁna óig ċun a ólta. Ceann agus ceann nó go raiḃ an ḃeirt acu bogaiṫe go maiṫ.

Níor ḃraṫadar sagart ná bráṫair ag imeaċt siar, agus nuair nár ḃráṫadar ní raiḃ mór ḋeaḃaḋ orṫa. Ḃuail fear isteaċ, ċuir fear a' toiġe ceist air an ḃfaca sé aon tsagart ag gaḃáil siar an bóṫar le h-aon tamall. Tá sé imiṫe siar le uair a ċloig nó mar sin, ar seisean. Nuair a ċuala beirt an oileáin an focal go raiḃ sé imiṫe siar, ġlanadar leo go mear. agus ṫugadar na boinn don mbóṫar na ḋéiġ.

Nuair a ḃí tamall don mbóṫar curṫa dó aige'n sagart, sin é an uair a fuair sé amaċ an botún a ḃí déanta aige, mar ḃí aiṫne fairis na seaċt n-aiṫeanta aige ar mo ḃeirt a ḃí fágṫa na ḋéiġ aige.

Ċas timpeall a ċapall agus a ċóiste ag filleaḋ orṫa. Ḃí tamall do ḃóṫar curṫa aca dóiḃ, ⁊ fuinneaṁ ṁaiṫ siuḃail ċucu, toisc an braon a ḃí fé'n ḃfiacail acu. Ḃí fuinneaṁ agus lúṫaḋ ionnta. Nuair a ṫánadar ċom fada leis an aṫ-ġearr' ċun an ċnoic aníos a ċur dóiḃ, dúirt fear aca leis an ḃfear eile, "Suiġ, ar seisean, "agus fliuċ do ḃéal leis seo." Ṫarraing amaċ leaṫ-ṗiúnt as a ṗóca agus ḃí sé ċun é ċur ar a ċeann nuair a ṫáinig an sagart agus an capall agus a ċóiste ós na gcoinne amaċ.

Mo ċeól siḃ, ar seisean, agus tá go breá ag Páid boċt atá ag braṫ oraiḃ.

Fuaireadar pardún leis an sagart agus duḃradar leis go ċeapadar gur ag teaċt na ndéiġ a ḃí sé fós agus ná raiḃ mór ḋeaḃaḋ orṫa.

"Ná bíoḋ aon eagla ort a Aṫair," ar siadsan, "go n-imeóiḋ Páid gan sagart." "Siúd i n-áirde," arsa an sagart, agus ná béim i ḃfad a dul siar, má tá'n siḃ aḃálta ar ḃur ngreim a ċoiméad."

Inairde leo, agus siar leis an sagart agus eagla a ḃóṫain air gur anuas a ġaḃaḋ an ḃeirt, toisc an ceann a ḃeiṫ corraiṫe orṫa. Ḃaineadar amaċ an calaḋ, agus ḃí an bád mór ullaṁ rompa. Ċuir an sagart a ċapall ar stábla mar ba ġnáṫ leis, agus isteaċ leo. Ḃí caint agus caradáil acu féin agus ag an sagart lena ċéile agus iad ag tarraċ ar an oileán ar a sáiṁín sóġa. Aċ, féin mar a ḃuailfí do ḃosa ar ċéile, ḃí an ceo tiṫiṫe anuas agus ní ċíḋfeá meur a ċuir id' tsúil.

Ḃí uair a ċluig nó níos mó taḃarṫa acu agus n'ḟeaṙadar cá raḃadar gan aon ní le féaċaint aca aċ an bád agus a raiḃ innti. Níor ṁaiṫ leo faic a rá leis an sagart ċun guiḋe ċun Dé an ceo a scaipeaḋ agus an sagart a leigint ċun an té a ḃí sa ġátar.

Sa deireaḋ ṫiar laḃair duine dos na fir go raiḃ an braon fé'n ḃfiacail aige, agus dúirt sé:

"Muise, a Aṫair, nár ṁaiṫ an rud dá gcuirfá impíḋ ċun Dé sinn a ṫaḃairt as an gceó. agus ċun fóirṫint a ṫaḃairt ar an té atá sa ġátar."

"Tá an méid atá le déanaṁ agamsa," arsa an sagart, "déanta agam, agus níl a ṫuilleaḋ ar mo ċumas a ḋéanaṁ."

Laḃair an tárna duine aca seo a raiḃ an braon té fé'n ḃfiacail aige agus eolas maiṫ aige ar ċeó agus ar ḟarraige, mar nuair a bíonn an taoide naċ beag caite, beiḋ ana ṡeans go nglanfaiḋ an ceó.

"Sea, anois a Aṫair. déarfadsa paidir ċun an ceó a ġlanaḋ, ⁊ mar a nglanfaiḋ sé, fanfaiḋ ċoiċe arís ann."

Ċaiṫ sé dó a ċaipín, agus ċuaiġ ar a ġlúine ar toċta an ḃáid, agus gurḃ é paidreaċa nár ċuala sagart ná bráṫair 'riaṁ is ná raiḃ aige.

Stad sé fé ċeann tamaill agus dúirt: "An ḃfuil aon déaraṁ glana fós air? Ní fada a ḃí an focal ráite aige nuair a ċonaic an sagart an talaṁ agus do ḃéic sé: "Talaṁ, talaṁ!" ar seisean. agus oiread bó do ċroí aige. "Maiṫ an fear a Ḋiarmuid," arsa an sagart, "agus is olc an sagart ná tiuḃarfaḋ cead duit braon di d'ól."

Ṫánadar i dtír ar an oileán, an ġrian ag scoilteaḋ na gcrann, an ola ḋéanaċ curṫa ar Ṗáid, ⁊ an sagart dá ċur ṫar n-ais arís. Ċuir an sagart ceisa mar ġeall ar fear na bpaidreaċa a ġlan an ceó. Dúraḋ leis ná raiḃ paidir ná urnaiġe 'riaṁ aige.

Seán Ó Criomṫain.

Smaointe Sásta fa Ġaoṫ Doḃair

Risteárd Ó Glaisne

Gan baol ar biṫ tugann an bóṫar a ṫagann ṫart faoi Ċnoc Fola agus tú ar do ḃealaċ aníos go Gaoṫ Doḃair an-raḋarcanna go deo duit aċ an aimsir a ḃeiṫ oiriúnaċ.

Rinne muid moill ag teaċ ṁuintir Ṁic Giolla Easpaig. Ḃí bunaḋ an tí sin uile ṗioc ċom garaċ agus ba ċuiṁin linn iad a ḃeiṫ deiċ mbliana fada roiṁe sin —Máire ċom taitneaṁaċ agus ċom tuisceanaċ céanna, ḃail ó Ḋia uirṫi.

Ḃí sé ag dul i ndéanaíoċt nuair a ṫug muid ár n-aġaiḋ ar an ċladaċ. Ṫiontaiġ muid síos ar taoḃ na láiṁe deise. Ḃí an ḟarraige os ár gcoṁair amaċ anois agus na h-oileáin ina luí amuiġ inti mar a ḃeaḋ rónta móra codlataċa ann.

"Sin an áit ar ṫug mé féin agus Cosslett Ó Coinn píosa de ṫráṫnóna ag aṁarc ar ċluiċe peile," arsa Éamonn, fear mo ḋeirfíre, go tobann agus é ag smaoineaṁ ar laeṫanta saoire a ċaiṫ sé san limistéar deiċ mbliana ó ṡin.

Stop muid áit a raiḃ céiḋ ag gobaḋ amaċ san uisce taoḃ ṫíos de ṁoll carraigreaċa gur ṫáinig muid amaċ as an ġluaisteán. Ḃí bearraḋ fuar ar an ġaoṫ, agus níor ró-ḟada go mbeaḋ sé ina oíċe.

Ṫáinig fear agus bean ag triall ar an ċalaḋ. Oileánaiġ a ḃí iontu agus ḃí a gcuid siopadóireaċta déanta acu ṫuas ar an ḃaile. Ḃí an cruas agus an boige iontu a ḃaineann coitianta le daoine a ċónaíonn ar oileáin scéirdiúla an imeall-ḃoird ṫiar. Ḃeannaiġ siad dúinn go pléisiúrṫa, siúd 's naċ raiḃ aiṫne dá laġad acu orainn, agus ṫosaiġ siad ag ullmú dá dturas ċun an oileáin, a raiḃ stráice maiṫ farraige idir é agus tír mór.

Ba ġairid go raiḃ bád ar an tsnáṁ acu agus a gcuid pacáistí uile istiġ inti. D'oiḃriġ an ḃeirt as láiṁ a ċéile go maiṫ: níorḃ é seo an ċéad uair acu a leiṫéid a ḋéanaṁ.

D'imiġ siad uainn, iad ag tarraingt ar na maidí go breá tomaiste. Ḃí Neans ag fáil niṫe don tae amaċ as an ċarr. Ḃí Clóda agus Gillian, na gearrċailí beaga. ina seasaṁ lena cois agus cuma orṫu nár ṁaiṫ a réitiġ fuaċt na háite i ndeireaḋ tráṫnóna mar seo leo.

An bád sin ag imeaċt uainn ar an ḟarraige, ċuir sé cuma aisteaċ orm. Ba ġeall le rud a ḃeaḋ agat faoi ċríoċ scéil ḟileata é. Ṫuigfeaḋ Seosaṁ Mac Grianna an méid a ḃí ar mo ċroí ag an ṗointe sin. Ṫuigfeaḋ, agus Séamas fosta.

"Is iomaí scéal a fuair Séamus, 'Máire,' san ċeantar seo," dúirt duine de ḃunaḋ na háite liom an lá dár gcionn. "Ḃaineaḋ sé faoi i dteaċ ṫall ansin, agus bíoḋ na sean-daoine ag inse scéaltaċ dó . . . "

As Rann na Feirste muintir Ġrianna, ar ndóiġ. Aċ níl scríoḃ ná léaṁ ná insint ḃéil ar na daoine a ċaiṫ tamall ar an ċuid seo den ċósta le fiċe bliain anuas. Agus ġnóṫaiġ muintir na háite a sciar féin orṫu. Margaḋ réasúnta a ḃí ann, ar ndóiġ, arae ḃí an dá ṫaoḃ sásta.

Ag Pádraig Ó Friġill agus a ḃean dóiġiúil, Máire, lánúin ḟíor-ḋeas, a ḟan mise. Múinteoir scoile Pádraig: san ċeantar a tógaḋ é. As an Ġalltaċt do Ṁarie. Tá súil agam go ḃfuil sise ag teaċt isteaċ ar an Ġaeilge go deas faoi seo, fiú má tá rud beag scáṫa uirṫi faoina ḃeiṫ á laḃairt. Ḃí beagán aici nuair a ḃí mise ann, aċ, in aon Ġaeltaċt san tír anois. ró-éasca atá sé teaċt le Béarla, agus tá contúirt ann gur i muinín an Ḃéarla a ḟanfaiḋ an té a ṫagann isteaċ san Ġaeltaċt. Aċ millfeaḋ sin an Ġaeltaċt de réir a ċéile.

Ḃí Pádraig agus Marie anṁaiṫ dom, agus ḃain mé aoiḃneas croí as an aċar ġearr a ċaiṫ mé ina dteannta. Cuiṁním siar fós ar na coṁráite fada spéisiúla a ḃí againn nuair a ḃíoḋ sosanna ann, go mór mór mall san oíċe agus an ċuid eile de na daoine imiṫe a luí.

Tá teaċ comporḋaċ acu. Ḃí sé tamall ó ḃí mé i dteaċ san Ġaeltaċt nó san Ġalltaċt a leagaḋ amaċ ċom maiṫ nó ar caiṫeaḋ an oiread cúraim air lena ḟeistiú istiġ ar ar ḋóiġ naċ raiḃ ró-ḟeiceálaċ aċ a ḃí as cuimse sásúil. Ḃí cuid ṁór áiseanna nua-aimsearṫa acu, ó ġuṫán go teilifíseán. D'aisteaċ liom iad a ḃeiṫ ag lánúin ċom hóg leo; is minic naċ dtagann áiseanna speisialta aċ le teaċt na haoise. Aċ ḃí manaḋ acusan a raiḃ ciall ṁór leis, dar liom. B'ḟearr leo a gcuid airgid a ċaiṫeaṁ ar na niṫe seo anois ná greim a ċoiméad ar an airgead go mbeaḋ caonaċ ag teaċt air—agus orṫu féin. Aċ is é mo ḃarúil go ḃfuil dóiġ ṁaiṫ ar a lán daoine san ċeantar úd. Níl a ḟios agam an ḃfuil a gcuid tiṫe déanta ċom deas agus atá teaċ Pádraig agus Marie aċ tá go leor de na fearais nua-aoiseaċa acu, cinnte.

Níl aċ rud aṁáin a déarfá i gcoinne Gaoṫ Doḃair. agus faoin ċontae ar fad. Tá Tírċonaill scoite amaċ an-ṁór ón ċuid eile den tír. Timpeall 's oċt mí ó ṡin agus Coṁairle Ċontae Ḋún na nGall ag plé ceist na n-aerstad beag atá le leagaḋ amaċ ar fud an ċósta ṫiar, más fíor, luaiġ Pádraig Ó Doṁnaill, Teaċta Dála agus iar-Aire Rialtais gur ḟostaiġ seisean eitleán san ḃliain 1948 faoi ċoinne turas ón Ċloċán Liaṫ go Baile Áṫa Cliaṫ agus gur oibriġ sé amaċ níos saoire ná a ḋul le carr hireálta. Sin scéal a gcuirfeá sonrú ann, aċ ċom maiṫ leis sin tugann sé léargas duit láiṫreaċ ar an dóiġ a ḃfuil an contae suite.

Duine Loċt le Dia?

Indiaiḋ seanamóir a ṫaḃairt d'aṁarc an ministéir ar an pláca báiliúċáin agus ar seisean—"Dúirt mé i gcónaí go mbeaḋ fáilte roiṁe na mboċt sa teampall seo agus feicim go dtáinig siad isteaċ ceart go leor!"

Níonn muid comġáirdeaċas arís leis an foireann ó Ard-Scoil Muire, a ḃuaiġ an ċéad duais insan díospóireaċt don tír ar fad, do na meánscoltaċa i mBaile Áṫa Cliaṫ, tá coicís ó ṡin. Insan ṗictiúir anseo, tá ó ċlé: Muiris Ó Fearraiġ, Miċeál Mac Ḟionnlaoiċ, Séamas Ó hIceaḋa agus Proinnsias Ó hArnáin. B'é an t-aḃar díospóireaċta ná—Naċ ḃfuil réiteaċ faḋbanna an doṁain ag braṫ ar náisiúin ḃeaga. Ḃí 126 Coláistí istiġ air ar tús. An tUasal Mac Aoḋgáin, T.D., Tánaiste, a ḃí i gceannas ag an díospóireaċt.